

# Seomra Foirne Cuimsitheach do Chomhghleacaithe

# LADT+

## Treoirínite Dea-chleachtais do Chuimisiú Comhghleacaithe atá Leispiach, Aerach, Déghnéasach nó Trasinscneach

Fiú go bhfuil ár gcomhghleacaithe LADT+ anois cosanta ó leithcheal ar bhonn gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne, tá sé suas linn cinntiú gurb áiteanna oscailte agus fáilteach iad ár scoileanna. Seo duit slite éagsúla chun cruthú seomra foirne atá cuimsitheach do dhaoine LADT+.

**1** Glac leis go bhfuil chuid de do chomhghleacaithe, baill dá dteaghlaigh agus dá gcairde leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinscneach (agus seans go mbeidh nó nach mbeidh siad 'amuigh').

**2** Cuir ceist ar chomhghleacaithe cén forainmneacha inscne ab fhearr leo (m.sh. siad, sé, sí) agus bain úsáid astu.

**3** Tabhair freagra deimhneach nuair a chuireann do chomhghleacaí a g(h)néaschlaonadh nó féiniúlacht inscne in iúl duit.

**4** Téigh i ngleic le magadh agus cúlchaint hómáfóbach, défóbach nó trasfóbach. Tá sé tábhachtach a bheith soiléir nach n-aontaíonn tú le céard atá a rá.

**5** Mol úsáid teanga atá neodrach ó thaobh inscne de (m.sh. 'páirtí'). Sin tábhachtach go háirithe mura bhfuil inscne páirtí do chomhghleacaí ar eolas agat. Ná glac leis go bhfuil gach éinne heitrichnéasach.

**6** Mura bhfuil tú cinnte cén foclóir atá oiriúnach nó cuí, faigh comhairle ó ghrúpa LADT+ (m.sh. INTO LGBT nó TENI). I gcúinsí áirithe, b'fhéidir go mbeadh sé inghlactha ceist a chur ar chomhghleacaí atá LADT+ ach tuig agus glac nach bhfuil siad freagrach as oiliúnt na foirne ar chúrsaí LADT+.

**7** Téigh siar ar an bpolasaí frithbhulaíochta do dhaoine fásta agus cinntigh go bhfuil tagairt fhollasach ann do bhulaíocht hómáfóbach agus trasfóbach.

**8** Déan cinnte go bhfuil slite chun freagra a thabhairt d'úsáid focail maslacha ar nós 'aerach' nó 'cam' san áireamh i bhur bpolasaithe caidrimh foirne.

**9** Glac cur chuige réamhghníomhach maidir le cruthú áit oibre atá cuimsitheach do dhaoine LADT+. Croch suas póstaer atá cuimsitheach do dhaoine LADT+ sa seomra foirne. Cuir leithris ar fáil atá neodrach ó thaobh inscne de, más féidir. Cuir dearcadh LADT+ san áireamh nuair atá polasaithe scoile le scríobh nó ócáidí sóisialta le heagrú.

**10** Pléigh ceisteanna a bhaineann le daoine LADT+ nuair a phléitear cúrsaí comhionannais eile sa seomra foirne. Labhair amach.